



PREASÉISIÚINT Uimh. 207/22

Lucsamburg, 19 Nollaig 2022

I gcomhthéacs á comóradh 70 bliain, tugann an Chúirt ainmneacha nua ar chuid dá foirgnimh

Beidh na hainmneacha Comenius, Montesquieu, Rocca agus Thémis ar na foirgnimh lena mbaineann as seo amach, in ómós do na luachanna atá cosanta ag an gCúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta.



Tugtar Comenius, Montesquieu agus Rocca ar Thúir A, B agus C na Cúirte anois.

I gcomhthéacs á comóradh 70 bliain, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ainmneacha nua a shannadh go hoifigiúil do na codanna deiridh dá coimpléasc foirgnimh a ndearnadh tagairt dóibh le litreacha roimhe seo. Tá túir A, B, C agus fortheach C ainmnithe anois mar Comenius, Montesquieu, Rocca agus Thémis.

Ó suiteáladh í ar ardchlár Kirchberg (Lucsamburg) go luath sna 70idí, cuireadh roinnt síntí leis an gCúirt. Eascaíonn na méaduithe sin as aontachas na mBallstát nua i ndiaidh a chéile leis an Aontas Eorpach agus as an dara cúirt, an Chúirt Ghinearálta, a chruthú in 1989, a bhfuil beirt bhreithiúna aici in aghaidh an Bhallstáit anois.

Ba é an Palais bunaidh an chéad insealbhú d'fhoirgneamh na Cúirte in 1973. Ó shin i leith, cuireadh méaduithe leis na foirgnimh arís agus arís eile leis na chéad trí shéad sna 80idí agus 90idí, agus ina dhiaidh sin leis an Anneau, Galerie agus Túir A agus B in 2008. Chuir an cúigiú síneadh, Túir C, an pacáiste ailtireachta i gcrích in 2019, rud a ligfeadh d'fhoireann uile na hinstiúide oibriú ar shuíomh amháin. Sa bhliain 1990, tugadh **Erasmus** ar Fortheach A den Palais, a chuirtear i láthair mar an chéad Eorpach, ag cuidiú le cultúir a chónascadh thart ar idéil dhaonnachacha. In 1992, tugadh **Thomas More** ar Fhortheach B, in ómós do chuimhne an daonnachaí mhóir Eorpaigh seo agus a ionracais agus neart a chreidimh i gcoinne aon sárú ar shaoirsí.

Tá cur chuige á shaothrú ag an gCúirt anois maidir lena foirgnimh a ainmniú trí thagairt a dhéanamh do na

luachanna a chosnaíonn sí, ina cásdlí agus, ar bhonn níos leithne, mar institiúid Eorpach. Dar le hUachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, Koen Lenaerts, “is é is aidhm do na hainmneacha a roghnaítear aird a tharraingt ar stair na hEorpa nó ar stair an cheartais. Theastaigh uainn freisin pearsantachtaí a roghnú a bhí i measc na gcéad chosantóirí ar na luachanna a chosnaítear le cásdlí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta, amhail an daonlathas agus an smacht reachta, urraim don éagsúlacht, lena n-áirítear an t-ilteangachas, rochtain chomhionann ar eolas agus, ar bhonn níos leithne, comhionannas deiseanna agus ceartas sóisialta”.

Tugtar ainm **Comenius** ar **Thúr A**. Fealsamh agus oideolaí, bhí Jan Amos Komenský, ar a dtugtar "Comenius" (1592-1670), ina chéad chosantóir ar oideachas uilíoch. Bhí sé lánchinnte gur chóir go mbeadh soghluaisteacht shóisialta aníos mar thoradh ar oideachas seachas ar bhreith, throid sé ar son comhionannas deiseanna agus oideachais do chách, beag beann ar rachmas, ar reiligiún nó ar ghnéas. Cuirtear i láthair é mar athair an oideachais nua-aimseartha, rinne Comenius athrú ó bhonn ar mhodhanna teagaisc teangacha agus Laidin go háirithe, teanga an eolais, d'fhonn a foghlaim ag an oiread daoine agus ab fhéidir a spreagadh. Aistríodh a chuid téacsleabhar go cúig theanga dhéag, agus bhí siad, le breis agus céad bliain, ar na téacsleabhair scoile ba mhó a úsáidtear san Eoraip, rud a chuir le scaipeadh an ilteangachais mar eochair eolais.

Trí onóir a thabhairt d'ainm Comenius, a thaistil tríd an Eoraip chun teagasc teangacha níos oscailte agus níos cothroime a chur chun cinn, leagann Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh béim ar luachanna an ilteangachais agus tugann sí ómós dóibh siúd a chuireann gach lá le saibhreas teanga na hEorpa a chosaint.

Tugtar ainm **Montesquieu** ar **Thúr B**. Bhí Charles-Louis de Secondat de la Brède, Baron de Montesquieu (1689-1755), ina dhlíodóir, ina bhreitheamh agus ina scríbhneoir. Tá baint ag a chlú lena shaothar *De l'esprit des lois*, a foilsíodh in 1748 tar éis roinnt blianta ag taisteal san Eoraip, ina ndearna sé staidéar ar chórais pholaitiúla, ar an ngeilleagar, ar an aeráid, ar an stair agus ar nósanna na dtíortha inar fhan sé. Meastar sa cháil seo mar dhuine a bhí i measc na chéad daoine a rinne comparáid idir dlíthe, ach freisin mar réamhtheachtaí na socheolaíochta nua-aimseartha, chuir Montesquieu dáileadh nua ar chumhachtaí an Stáit chun cinn, bunaithe ar a scaradh agus ar a n-idirspeáchas araon chun a gcothromaíocht a chinntiú. Mar sin leag sé an dúshraith le prionsabal scaradh na gcumhachtaí, a mheastar go fóill inniu mar bhunchloch daonlathais ar bith.

Trí Montesquieu a roghnú, ar chabhraigh a smaoineamh le prionsabal an neamhspleáchais bhreithiúnaigh a chruthú, meabhraíonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh na luachanna is coiteann do na Ballstáit, a shainíonn céannacht an Aontais mar dhlíchoras uathrialach.

Tugtar **Rocca** ar **Thúr C** anois. Meastar gurb í Giustina Rocca an chéad dlíodóir baineann sa stair. Tháinig a ainm isteach sa stair ar bhonn dámhachtain eadrána a rinneadh an 8 Aibreán 1500, i gcomhthéacs díospóide ar cuireadh a thoradh de chúram uirthi. I gcúirt ghobharnóir Veinéiseach Trani, thug Giustina Rocca a breithiúnas sa teanga choiteann — seachas sa Laidin, de réir chleachtas an ama sin — chun é a dhéanamh intuigthe don lucht féachana a bhí ag freastal ar an bhfógra. Ansin ghairm sí an páirtí cailteach, ionas go n-íocfadh sé na gnáth-tháillí chuici, ag cur in iúl, ag tráth nach raibh rochtain ag mná ar theagasc nó ar chleachtadh dlí, gur mian léi go ndéileálfai léi ar chomhchéim le fir a bhí dílsithe dá leithéid de shainchumais.

Tríd ainm Rocca a thabhairt don túr is airde, meabhraíonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhfuil sí tiomanta do rochtain a bheith ag cách ar an dlí agus ar an gceartas agus athdhearbhaíonn sí, i gcomhréir lena cásdlí féin, go bhfuil sí tiomanta do chomhionannas deiseanna.

Ar deireadh, tugtar ainm **Thémis** ar **Fhortheach C**. Iníon Ouranos agus Gaia, a dhéanann ionadaíocht ar an spéir agus ar an talamh faoi seach, meastar gurb í Thémis, i miotaseolaíocht na Gréige, bandia an cheartais. Bean chéile agus comhairleoir de chuid Zeus, suíonn sí ar a dheis agus cuireann sé le cothabháil an ordaithe bhunaithe. Mar fháthchiall ar cheartas imeanach, léirítear Themis go ginearálta lena cuid tréithe, na scálaí agus an claíomh, uaireanta freisin le dallóga ar a súile mar chomhartha neamhchlaontachta. Tá na scálaí, a shamhlaíonn ord sóisialta, cothromaíocht agus comhchuibheas, ag teacht salach ar an gclaíomh, a léiríonn an phianbhreith agus an t-údarás breithiúnach, agus tugann siad, mar gheall ar imeall dubailte an lann atá in ann smachtbhannaí a fhorchur ar gach

páirtí, in-fhorghníomhaitheacht dá cinntí. Dá bhrí sin, is í Thémis íomhá uilíoch an cheartais. Léiríonn rogha an ainm Thémis cinneadh na chéad chomhaltaí den Chúirt a roghnaigh in 1952, ag tógáil ar a gcomhthraidisiún chultúrtha, scálaí agus claíomh Thémis a chur ar lógó Údarás Breithiúnach an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach (CEGC).



Is í bhFortheach C, a tógadh in 1992, a bhfuil an Chúirt Ghinearálta suite, agus tugtar Thémis air anois.

Suiteáladh plaiceanna sna codanna éagsúla den choimpléasc foirgnimh chun na gnéithe ba chúis le roghnú na n-ainmneacha seo a roinnt leis an bpobal. Nochtadh iad, i láthair fhoireann na hinstitiúide, ag searmanas arna oscailt ag óráid ó Uachtarán na Cúirte, Koen Lenaerts.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3555.

Bígí nasctha!

